# Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca Scoil Iognáid

# Child Safeguarding Statement & Risk Assessment Scoil Iognáid (DES Mandatory Template 1)

Is bunscoil í Scoil Iognáid a sholáthraíonn oideachas bunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

**Seoladh na Scoile/School Address:** *Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán, Gaillimh, H91 E364*

**Uimhir Ghutháin/Phone:** ***091 584491***

**Seoladh Rphoist/Email:** priomhoide@scoiliognaid.ie

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2023 agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta Scoil Iognáid an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

**1** Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2023 a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur chun feidhme go hiomlán agus gan iad a mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

**2** Is í **Laoise Bhreathnach,** 091 – 584491, **priomhoide@scoiliognaid.ie** an Teagmhálaí Ainmnithe (TA)

**3** Is í **Martina Ní Fhlaithimhín,**091-584491, martina@scoiliognaid.ie an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (Leas-TA)

**4** Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- urraim iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

**5** Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2023 agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin ROS.
- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh ROS agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS.
- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

➢ Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
➢ Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
➢ Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
➢ Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
➢ Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2023 a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Sa scoil seo tá teagmhálaí ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an "duine ábhartha" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.
- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. **Tá clár de na daoine sainordaithe uilig coinnithe ag an scoil, na múinteoirí san áireamh ar an gclár seo**.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin ROS nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta Aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

**6** Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

**7** Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

### Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le Scoil Iognáid

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2023*, seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar **Scoil Iognáid**.

1. **Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile / *List of School Activities*:**

- **Cuireann Scoil Iognáid cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne.** *All school personnel are provided with a copy of the school's Child Safeguarding Statement*
- **Cuireann Scoil Iognáid cóip de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2023 ar fáil do gach ball foirne.** *The Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2023 are made available to all school personnel*
- **Ní mór do gach ball foirne cloí le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2023 agus ní mór don fhoireann teagasc cláraithe cloí leis an Achta um Thús Áite Leanaí 2015.** *School Personnel are required to adhere to the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2023 and all registered teaching staff are required to adhere to the Childrena First Act 2015*
- **Coinníonn Scoil Iognáid liosta de na daoine sainordaithe uilig, na múinteoirí cláraithe, fostaithe iaraire Scoil Iognáid agus na sagairt Íosánacha san áireamh. Tá an liosta seo inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh.** *The school maintains a list of all employees who are mandated persons, which includes registered teachers, afterschool personnel and Jesuit Clergy associated with the school. This list is available on request.*

1. Oiliúint na foirne maidir le Cosaint Leanaí / *training of school personnel in Child Protection Matters*
2. Earcú Baill Foirne na scoile ina measc
   - Múinteoirí
   - CRS,
   - Airíoch
   - Rúnaí
   - Glantóirí
   - Oiliúnóirí Spóirt
   - Teagscóirí Seachtracha
   - Aoichainteoirí,
   - Oibrithe Deónacha
   - Conraitheoirí agus Cuairteoirí ar láthair na scoile i rith an lá scoile
   - Conraitheoirí agus Cuairteoirí ar láthair na scoile théis am scoile

   *Recruitment of school personnel including Teachers, SNAs, Caretaker, Secretary, Cleaners, Sports Coaches, External Tutors, Guest Speakers, Volunteers for school activities, Visitors and contractors present in school during school hours, Visitors and contractors present after school hours*
3. Teagasc Ranga / *Classroom Teaching*
4. Teagasc duine ar dhuine / *One to one teaching*
5. Cúram do pháistí le riachtanais speisialta – Riachtanais dluthphearsanta san áireamh / *care of children with special needs, including intimate care needs*
6. Na leithris/seomraí gléasta/ceatha – *children in toilet areas/changing rooms/showers*
7. Soláthar an Churaclaim maidir le OSPS, OCG, Bí Sábháilte – *Curricular Provision in respect of SPHE, RSE, Stay Safe*
8. Daltaí le LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT – *LGBT children/pupils perceived to be LGBT*
9. Teacht na ndaltaí chun na scoile agus daltaí ag filleadh abhaile – *Daily arrival and dismissal of pupils*
10. Bainistíocht ar Iompar Dúshlánach – *Managing of challenging behaviour amongst pupils, including*

*appropriate use of restraint*

11. Micléinn ar shocrúchán scoile agus ar thaithí oibre – *students on school placement and work experience*
12. Feitheoireacht Am sosa – *recreation breaks for pupils*
13. Gníomhaíochtaí teagasc taobh amuigh – *outdoor teaching activities*
14. Gníomhaíochtaí Spóirt agus Damhsa: luthchleasaíocht, peil, iománaíocht, camógaíocht, cispheil, sacar, snámh, leadóg, haca srl. – *Sporting and Dancing activities including but not limited to athletics, football, hurling, camogie, basketball, soccer, swimming, tennis, hockey etc.*
15. Turais agus Siúlóidí Scoile – *School outings/trips*
16. Laethanta Spóirt – *Annual Sports Days*
17. Feidhm á mbaint as foirgneamh/láthair eile ar mhaithe le himeachtaí scoile mar shampla Séipéal Iognáid – *use of off-site facilities for school activities e.g. The Jesuit Church*
18. Dáileadh Leighis agus Garchabhair – *Administration of Medicine and First Aid*
19. Cosc a chur ar mhaistíneacht agus déileáil leis – *Prevention and dealing with bullying amongst pupils*
20. Aoichainteoirí a chuireann leis an gCuraclam – *use of external personnel to supplement the Curriculum*
21. Cúram páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu; daltaí ó mhionlaigh eithneacha/imircigh, daltaí ó mhionlaigh Creideamh, páistí ón CPNS – *care of pupils from ethnic minorities/migrants, members of the Traveller Community, pupils of minority religious faiths, children in care, children ón CPNS*
22. Úsáid na bhfoirgneamh i rith an lá scoile ag eagrais eile – *use of the school premises by outside providers during the school day*
23. Úsáid TFC ag na daltaí scoile – *Use of ICT by pupils in the school*
24. Fáil ar an scoil i rith an lae – *access to the school during the school day*
25. Úsáid físeán/meáin eile chun taifead a dhéanamh ar imeachtaí scoile – *use of videos/photography/other media to record school events*
26. Úsáid an fhoirgnimh tar éis an lá scoile ag eagrais eile – *afterschool use of premises by other organisations*
27. Idirghníomhú daltaí níos sine leis na daltaí óga mar shampla ag léamh, ag súgradh leo ar chlós na scoile srl – *older pupils interacting with younger pupils e.g. buddy reading, yard buddies srl.*
28. An scolaíocht arlíne ag úsáid WEBEX, SEESAW, agus Aladdin toisc dúnadh na scoile le linn dianghlasála Covid – *remote learning using WEBEX, SEESAW and Aladdin due to school closures during the Covid pandemic*

**2. Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí / *The school has identified the following risk of harm in respect of its activities*:**

1. Nach n-aithneofar an riosc diobhála nó nach ndéanfar tuarisciú ar an riosca go luath. *The risk of harm not being recognised by school personnel or reported promptly*
2. Riosca go ndéanfadh pearsanra scoile díobháil ar pháiste. *Risk of child being harmed in the school by a member of school personnel*
3. Riosca go ndéanfadh ball foirne nó eile díobháil ar pháiste. *Risk of child being harmed in school by a member of school personnel or other*
4. Riosca go ndéanfadh ball foirne nó duine gairmiúil eile díobháil ar pháiste. *Risk of child being harmed in the school by a member of school personnel or other professional*
5. Riosca díobhála don pháiste nuair atáthar ag freastal ar riachtanais dhluthphearsanta an pháiste nó nuair atáthar ag obair le páiste goillúnacha faoi leith. *Risk of harm to child while their intimate care needs are being addressed or when working with children who have particular vulnerabilities*
6. Riosca maidir le hiompar míoiriúnach nó duine fásta ag dul isteach i leithreas na bpáistí. *Risk of inappropriate behaviour or an adult entering the children's bathrooms*
7. Riosca nach ndéanfar na hábhair OSPS, OCG agus Bí Sábháilte a theagasc go hiomlán sna seomraí ranga. *Risk of the SPHE, RSE & Stay Safe programmes not being covered in classes*
8. Riosca go ndéanfar bulaíocht nó éagóir ar pháistí LADT. *Risk of LGBT children being bullied or discriminated against*
9. Riosca díobhála agus bulaíochta ó dhaltaí níos sine ag amanna teachta agus fágála na scoile, easpa

cinnteachta maidir le dualgas na scoile ó thaobh maoirseachta clós roimh agus théis am scoile, daoine fásta nach tuistí na bpáistí iad á mbailiú ón scoil, daoine fásta nach pearsanra scoile iad ar láthair na scoile i rith an lá scoile. *Risk of harm from older pupils, unknown adults in the grounds when dropping children off, lack of clarity about when the school's duty to supervise begins and ends, adults other than parents collecting children from school. Adults other than school personnel in the school building during school hours*

**10.** Riosca san áit go bhfuil gá srian a chur ar pháiste – mar shampla má tá contúirt ann go n-éalódh an páiste ón scoil nó an páiste ag léiriú iompar dúshlánach a chuireann an fhoireann nó páistí i mbaol. *Risk posed where restraint is required e.g. flight risks and the risks of injury posed to self or others in challenging behaviour situations*

**11.** Riosca díobhála don pháiste ón té atá ar thaithí oibre nó ar shochrúchán scoile. *Risk of harm to pupils from work experience personnel*

**12.** Riosca díobhála don pháiste ó pháiste eile. *Risk of child being harmed in the school by another child*

**13.** Riosca díobhála don pháiste le linn gníomhaíochtaí teagasc scoile taobh amuigh ó oibrithe dheonacha nó ó chuairteoirí chun na scoile. *Risk of child being harmed during outdoor teaching activities by volunteers or visitors to the school*

**14.** Riosca díobhála ó pháistí ag idirghníomhú le daoine fásta ag imeachtaí spóirt, páistí ag dul chuig an leithreas ag na himeachtaí seo, páistí ar chóras iompair (bus srl) ag dul agus ag filleadh ó na himeachtaí seo, riosca do pháistí sa seomra gléasta ag na himeachtaí seo (snámh san áireamh). *Risk posed by children interacting with other adults at sports events, children going to the toilet at sports events, transport to and from the events, risk of children changing in communal areas at swimming etc.*

**15.** Riosca díobhála ó pháistí eile ar bhusanna, páistí ag idirghníomhú le tiománaithe bus, muintir an phobail agus éascaitheoirí turais scoile. *Risk of harm by other students on buses, children interacting with bus drivers, members of the public and other individuals that facilitate educational trips*

**16.** Riosca díobhála ó pháistí / duine eile nuair atáthar ag gléasadh don imeacht spóirt/drama/ceolchoirm srl. *Risk of harm when changing for school concerts/other events by another student or an adult*

**17.** Riosca díobhála nuair a iarrann an páiste dul chuig an leithreas sa séipéal nuair atá cleachtadh don searmanas ar siúl nó i rith an tsearmanais fhéin. Riosca díobhála ag bualadh le muintir an phobail agus iad ag siúl/dul chuig na hionaid seo. *Risk when children going to the toilet at back of church during rehearsals for ceremonies and during the ceremonies themselves. Risk from members of the public when walking/going to these places.*

**18.** Riosca díobhála nuair nach bhfuil taifead ar riachtanais leighis an pháiste agus tá éiginnteacht ann faoi méid/cineál atá le dáileadh. Riosca nuair nach bhfuil oiliúint dáilaithe (mar shampla an EPI-PEN) curtha ar fhoireann na scoile. *Risk where no record of meds administered and there is doubt about what was administered, Risk of insufficient training to administer certain meds e.g. Epipen*

**19.** Riosca díobhála toisc bulaíocht déanta ar pháiste. *Risk of harm due to bullying of child*

**20.** Riosca díobhála ó phearsanra sheachtrach. *Risk of harm from external personnel*

**21.** Riosca díobhála toisc bulaíocht, eagóir nó cód smachta nach bhfuil éifeachtach. *Risk of harm due to bullying, discriminiation and/or an ineffective Code of Behaviour*

**22.** Riosca díobhála ó dhuine nó eagraíocht sheachtrach. *Risk of harm from external personnel or organisation*

**23.** Riosca díobhála, éagóra nó bulaíochta toisc páistí ag mi-úsáid ríomhairí, ipadanna, fóin, nó meáin shóisialta eile ar scoil. *Risk of harm due to bullying, discrimination, or inadequate code of Behaviour when children use computers, social media, phones and other devices in school*

**24.** Riosca díobhála go dtiocfadh strainséirí isteach ar láthair na scoile i rith an lá scoile, riosca díobhála go dtógfadh strainséir grianghraif. *Risk of unknown adults entering the school during the school day, risk of adults photographing*

**25.** Riosca díobhála do pháistí ón té atá ag baint feidhme as na meáin chun na himeachtaí scoile a thaifead. Riosca díobhála ó phictiúir na bpáistí a chur ar na meáin shóisialta. *Risk of harm to pupils from personnel who record the school events. Risk of harm associated with publishing pictures on social media*

**26.** Riosca díobhála ó phearsanra seachtracha. Riosca díobhála ag imeachtaí iarscoile. *Risk of harm from*

*external personnel. Risk of harm at after school activities*

27. Riosca díobhála toisc mí iompar míchuí. *Risk of harm due to inappropriate behaviour*
28. Riosca bainteach le míléiriú, tráchtaireacht mí-oiriúnach, bainistiú ar íomhá, agus easpa cur chuige maidir le foghlaim arlíne agus úsáid WEBEX agus SEESAW. *Risk associated with misrepresentation, inappropriate comments and image, and lack of agreed procedures for online platforms and use of webex and seesaw.*

**3. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo/ *The school has the following procedures in place to address the risks of harm indentified in this assessment:***

1. Tugtar cóip don ráiteas, measúnú riosca agus cur chuige na Roinne do gach ball foirne, baill nua san áireamh. Oiliúint PDST agus TUSLA faighte ag gach ball den bhfoireann. *Child Safeguarding Statement and DES procedures are made available to all staff. All staff have attended PDST and TUSLA training.*
2. Leanann an scoil dea-chleachtas na Roinne maidir le hearcaíocht foirne, grinnfhiosrúcháin na nGardaí agus seiceáil tagairtí san áireamh. Polasaí maidir le cuairteoirí/conraitheoirí chun na scoile i bhfeidhm. *Scoil Iognáid follows all DES regulations in relation to recruitment of staff, vetting requirements and reference checking. Visitors Policy implemented.*
3. Tá Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil. Tá school has a Health and Safety Policy.
4. Polasaí ar theagasc aonarach i bhfeidhm. Gloine sna doirse sna seomraí ranga ina mbíonn teasgasc aonarach ar siúl nó an doras ar oscailt muna bhfuil. Polasaí Oideachas Speisialta i bhfeidhm. *One to One teaching Policy and SET Policy implemented*
5. Polasaí ar riachtanais dhluthphearsanta agus leithreas i bhfeidhm. *Scoil Iognáid has a policy on intimate care.*
6. Polasaí maoirseachta scoile i bhfeidhm. Níl cead ag na tuistí dul isteach sna leithris. *School has a supervision policy which covers this. Parents are not permitted to accompany their children into the bathrooms.*
7. Déantar an OSPS, OCG agus Bí Sábháilte a theagasc ar bhonn rialta críochniúil. *School implements SPHE, RSE and Stay Safe programmes yearly.*
8. Tá Cód Smachta, polasaí frith-bhulaíochta agus polasaí maoirseachta chlóis i bhfeidhm. *Scoil Iognáid has implemented a Code of Behaviour, Anti-bullying Policy and a yard supervision policy.*
9. Osclaítear geataí na scoile ag 8.30 a.m. Ní déantar maoirseacht ar na páistí roimhe seo agus cuirtear na tuistí ar an eolas faoi. Bailítear na naíonáin ag 1.30 i.n. ó chlós na scoile agus na páistí eile ag 2.30 i.n. *School gates open at 8.30 a.m. There is no supervision before this time and parents are made aware of this. Infants are collected from the yard at 1.30 p.m. and the other children at 2.30 p.m.*
10. Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta chomh maith le Cód Smachta i bhfeidhm. *Health and Safety Policy and Code of Behaviour implemented.*
11. Grinnfhiosrúcháin roimhré. Polasaí ar thaithí oibre i bhfeidhm. Ní fhágtar daltaí ar thaithí oibre gan mhaoirseacht sna seomraí ranga. *Vetting in place, work experience policy implemented. Work experience students not left unsupervised in classes.*
12. Polasaí chlóis, cód smachta agus polasaí frith-bhulaíochta i bhfeidhm. *Yard Supervison Policy, code of behaviour and anti-bullying policies implemented.*
13. Polasaí maoirseachta agus féachaint chuige go bhfuil dóthain daoine fásta ag maoirseacht. *School Supervision Policy and sufficient adults to supervise outdoor activities.*
14. Polasaí snámha, cód smachta agus maoirseachta i bhfeidhm. *School swimming policy, code of behaviour and supervision policy implemented.*
15. Polasaithe ar thurais scoile, maoirseacht agus frithbhulaíocht. *Policy on School tours, supervision policy, anti-bullying policy.*
16. Maoirseacht le beirt ón bhfoireann. Cód Smachta. *Two adults supervise the changing rooms/space. Code of behaviour also implemented.*

**17.** Polasaithe Maoirseachta, Cód Smachta agus Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm. *Supervision, Health and Safety Policies and Code of Behaviour implemented.*

**18.** Polasaí riaracháin leigheas i bhfeidhm. Oiliúint curtha ar bhaill foirne. *School implements Medicine Administration Policy and regularly upskills staff.*

**19.** Polasaí frith-bhulaíochta, Cód Smachta agus OSPS clúdaithe i ngach rang. Anti-bullying policy and Code of Behaviour in place. SPHE policy implemented also.

**20.** Polasaí maidir le daoine ón taobh amuigh ag cur leis an gcuraclam. Déantar grinnfhiosrúcháin ar na daoine a thagann isteach ag tabhairt tacaíocht don churaclam go rialta. Déantar cinnte nach bhfágtar an duine a thagann isteach le haghaidh cuairt aonair gan mhaoirseacht. *School Policy in place for use of External Organisations to supplement the curriculum. All external personnel are Garda vetted except in one off situations. In these cases the external personnel are not left unsupervised.*

**21.** Polasaí agus éiteas scoile atá imchuisitheach. Polasaí frith-bhulaíochta agus Cód Smachta i bhfeidhm. *School ethos is one of inclusivity and diversity. Anti-bullying policy and Code of Behaviour implemented also.*

**22.** Grinnfhiosrúcháin agus árachas an éascaitheora/na heagraíochta de dhíth ón scoil. *Garda vetting in place and copy of outsider's insurance to be provided to the school.*

**23.** Polasaithe AUP, frithbhulaíocht, Cód Smachta agus an clár Bí Sábháilte i bhfeidhm. Ceardlann le Jeremy Pagden ó rang 1 – rang 6, polasaí ar fóin phóca i bhfeidhm. *AUP Policy, anti-bullying policy, Code of Behaviour, Stay Safe programme implemented. Workshops on internet safety with J Pagden from rang 1-6 every year. Mobile phone policy in place.*

**24.** Doras tosaigh faoi ghlas agus monatóireacht CCTV air. Maoirseacht ag na múinteoirí ar an gclós agus na páistí ag dul abhaile. Déanfar daoine fásta anaithid a thógann pictiúir de pháistí a thuairisciú do na gardaí. *Front door locked and monitored by CCTV. Teacher supervision on yard as children are being collected at 1.30 p.m. and 2.30 p.m. Unknown adults taking photos of children will be reported.*

**25.** Grinnfhiosrúcháin ar phearsanra seachtracha roimh na n-imeachtaí scoile. Ní fhágtar gan mhaoirseacht iad. Polasaí ar TFC agus Cód Smachta i bhfeidhm. AUP, Polasaí ar ghrianghraif scoile i bhfeidhm. Ní bheidh cead ag tuistí grianghraif digiteacha a íoslódáil iad féin ón suíomh SMUGMUG. *Photographers/Videographers etc vetted before school event takes place and are not left unsupervised in classes/halla/yard. ICT policy and Code of Behaviour also implemented. AUP and school policy for photos in place. Parents will not be permitted to download digitised photos from the SMUGMUG site.*

**26.** Grinnfhiosrúcháin scoile nó Comhairle na múinteoireachta i bhfeidhm. Leanann an scoil ciorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hearcaíocht foirne. Polasaí ar imeachtaí iarscoile agus eischuraclaim. Árachas i bhfeidhm do na héascaitheoirí seachtracha. Tinreamh le coinneáil ag na himeachtaí seo. Cláraithe le TUSLA agus ag comhlíonadh critéir TUSLA maidir le hiarscoil a reachtáil. *Vetting (school or teachers council) in place. The school adheres to the requirements of the Garda vetting legislation and relevant DES circulars in relation to recruitment and Garda vetting. Policy on Afterschool Activities in place, roll taken at all activities. Insurance cover in place for all activities. Scoil Iognáid afterschool registered with TUSLA and complying with TUSLA regulations.*

**27.** Polasaí maoirseachta i bhfeidhm. OSPS, Bí Sábháilte agus OCG múinte gach bliain. *Supervision policy in place. SPHE, Stay Safe and RSE taught every year.*

**28.** Treoirlínte agus polasaí maidir leis an scolaíocht arlíne i bhfeidhm ó Márta 2020 agus cur chuige aontaithe idir scoil agus tuistí i bhfeidhm. *Distance learning guidelines and protocols agreed and communicated to all staff and parents.*

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*

Agus an measúnú riosca seo a dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhalta don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithinítear a bhainistiú.

Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhim ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 25 Meán Fómhair 2023. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú: ***Miriam Delaney*** Dáta: 25 Meán Fómhair 2023
An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú: ***Laoise Bhreathnach*** Dáta: 25 Meán Fómhair 2023
An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

**Teagmhálaí:** *Laoise Bhreathnach*, **Príomhoide**
**Seoladh na Scoile:** *Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán, Gaillimh, H91 E364*
**Uimhir Ghutháin:** *091 – 584491*
**Seoladh Rphoist:** priomhoide@scoiliognaid.ie